



Coiste na Gaeilge Cruinniú Dé Luain 6 Nollaig 2021, 3.00pm Zoom	Irish Language Committee Meeting Monday 6th December, 3.00pm Zoom
MIONTUAIRISCÍ	MINUTES
I láthair: • Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Noel Ó Murchadha (Cathaoirleach) • Rúnaí an Choláiste – John Coman • Ionadaí Chláraitheoir na Seomraí – An Dr Dónall Mac Dónaill • Reachtaire an Chumann Ghaelaigh – Rebecca Coxon • Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Eoin Mac Cárthaigh • Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Aislinn Ní Dhómhnaill • Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí) • Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice – Nóirín Nic a’ Bháird • Ionadaí na Comhairle – An tOllamh Pól Ó Grádaigh • An Leabharlann – Nicole Seabrook • An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Orlaith Tunney	Present: • Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha (Chair) • Secretary to the College – John Coman • Registrar of Chambers nominee – Dr Dónall Mac Dónaill • Auditor of An Cumann Gaelach – Rebecca Coxon • Department of Irish & Celtic Languages – Dr Eoin Mac Cárthaigh • Students’ Union Irish Language Officer – Aislinn Ní Dhómhnaill • Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary) • Faculty of Science, Technology, Engineering and Mathematics – Nóirín Nic a’ Bháird • Representative of Council – Professor Paul O’Grady • Library – Nicole Seabrook • Administrative and Support Area – Orlaith Tunney
1. Ballraíocht & Leithscéalta: • Ionadaí an Bhoird – An tOllamh Louis Brennan • Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Ionadaí na nDéan – An Dr Anthony O’Connor • Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon	1. Membership & Apologies: • Representative of Board – Professor Louis Brennan • Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Faculty Dean representative – Dr Anthony O’Connor • Graduate Students’ Union – Gisèle Scanlon
2. Ballraíocht Tá deireadh le tréimhse an Dr Damian Murchan ar Chomhairle na hollscoile agus ar Choiste na Gaeilge dá réir. Gabhadh buíochas leis as a chuid ama ar an gCoiste. Cuireadh fáilte roimh an tOllamh Paul O’Grady atá ina anois ina ionadaí don Chomhairle. Tá tréimhse trí bliana curtha isteach ag an gCathaoirleach agus is féidir í sin a síneadh ar feadh trí bliana eile. Tá sé sásta leanúint ar aghaidh agus tá sé ainmnithe ag an Déan, an tOllamh Gail McElroy.	2. Membership Dr Damian Murchan has completed his term on the University Council and therefore his membership of Coiste na Gaeilge comes to an end. He was thanked for his time on the committee. Professor Paul O’Grady was welcomed as the new representative for Council. The Chair has completed a three-year period on the committee, and this can be extended for another three years. He is happy to continue and has been named by the Dean, Professor Gail McElroy.

3. Miontuairiscí Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 28 Iúil 2021. 4. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) Tá an Bille ag gabháil tríd an Seanad faoi láthair agus tá sé le reachtú roimh Nollaig. Mar a luadh cheana, tá roinnt mhaith leasuithe molta dó ach níl an fhoclaíocht a bhaineann leo sin feicthe go fóill seachas na ceannteidil. Cuireadh teachtaireacht go dtí ranna agus oifigí áirithe san ollscoil a mbeidh tionchar ag an mBille orthu chun iad a chur ar an eolas faoi. Luaigh an tOifigeach Gaeilge go bhfuil cumann ann dar teideal Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge a fheidhmíonn ar son na n-oifigeach Gaeilge ar fud na tíre, agus go bhfuil sé i gceist ag an gcumann sin stocaireacht a dhéanamh ar mhaithe le hionadaí a bheith acu ar an gcoiste comhairleach a bhunófar leis an mBille nua. An Scéim Teanga Tá an dréachtscéim teanga á scrúdú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi láthair agus cuirfear in iúl don Choiste é nuair a bheidh freagra faighte uathu. Beidh sé le haistriú agus le cur os comhair Bhord na hollscoile ansin. Cuireadh an cheist cad a tharlódh don scéim teanga nuair a thiocfaidh an Bille nua isteach. Tabharfar isteach córas bunaithe ar chaighdeán in áit chóras na scéimeanna teanga. Rinneadh plé cheana féin ar an gceist arbh cheart dul ar aghaidh agus scéim teanga a dhréachtadh agus cinneadh ag an am é sin a dhéanamh mar go rabhthas ag fanacht leis an mBille nua le blianta.	3. Minutes The minutes of the meeting held on 28th July 2021 were approved. 4. Official Languages Act and the Fourth Language Scheme Official Languages (Amendment) Bill The Bill is currently passing through the Seanad and is due to be published before Christmas. As mentioned previously, several amendments have been suggested for the Bill but the wording of these has not yet been seen other than the headings. The university departments and offices which will be affected by the Bill have been informed. The Irish Language Officer informed the committee that a society representing the Irish language officers throughout the country entitled Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge intends to lobby for it to be represented on the advisory committee which will be established with the new Bill. Irish Language Scheme The draft language scheme is currently being reviewed by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the committee will be notified when a response has been received from them. It will then be translated and presented to College Board. It was asked what will become of the language scheme when the new Bill is in place. The language scheme system will be replaced by a standards-based system. The question of whether to proceed with drafting a language scheme was discussed previously and it was decided at the time to proceed as the drafting of a new Bill had been ongoing for many years.
5. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar imeachtaí an téarma agus ar obair leanúnach na hOifige. An Scéim Cónaithe Níor éirigh le méid áirithe daoine a bhí roghnaithe don Scéim áit a bhaint amach san ollscoil i mí Mheán Fómhair agus caitheadh agallaimh bhreise a chur ar siúl i mí Dheireadh Fómhair nuair a ídiodh an liosta feithimh. I bhfianaise ndeacrachtaí a bhí ann i mbliana iarrthóirí a fháil don Scéim Cónaithe, cuireadh an cheist an bhféadfaí agallaimh a dhéanamh ag deireadh an tsamhraidh, tar éis do na tairiscintí CAO a bheith eisithe. Cuireadh in iúl go mbíonn lóistín faighte ag a lán mac léinn cheana féin ag an bpointe sin. Moladh go m'fhéidir go bhféadfadh an Stiúrthóir	5. Report of the Irish Language Officer The Irish Language Officer gave an account of the events of the term and the ongoing work of the Office. Irish Language Residency Scheme A number of students selected for the Residency Scheme did not receive offers for Trinity in September and additional interviews had to be arranged in October after the waiting list had been exhausted. In view of this year's difficulties with finding candidates for the Scheme, a question was asked whether initial interviews could be held at the end of the summer, after the CAO offers have been issued. It was indicated that many students have already arranged accommodation at that point. It was suggested that the Director of Marketing may be able to

Margaíochta sonraí a chur ar fáil de dhaltaí a d'fhreastail ar an Lá Oscailte, rud a cabhródh leis an bhfógraíocht do Scéim Cónaithe na bliana seo chugainn. Rinneadh cur síos ar na dualgais éagsúla a bhíonn ar mhic léinn na Scéime. Bhí an méid duine a bhí ceadaithe i Seomra na Gaeilge teoranta d'ochtár déag ar feadh roinnt seachtainí ag tús an téarma agus dá bhrí sin ní raibh sé ar fáil le haghaidh imeachtaí Scéime agus bhí ar mhic léinn ionaid eile a lorg ar an gcampas nó sa chathair. Reáchtáladh Oíche Léiriúcháin na Scéime ar an 29 Samhain ina ndearna mic léinn cur i láthair ar a gcuid gníomhaíochtaí i rith an téarma i léachtlan i bhFoirgneamh na nEalaín. Roghnaíodh an suíomh sin ionas go raibh gach mac léinn in ann a bheith i láthair. Tugadh cuireadh do mhic léinn dul go dtí Seomra na Gaeilge le haghaidh soláistí i ndiaidh an imeachta agus bhí pas vacsaíne ag teastáil dó sin de réir rialacha na hollscoile. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích sa téarma bhí clár raidió ar TFM, seisiún ceoil le Tradsoc, biongó, tráth na gceist, cluichí sacair agus fiseáin do TikTok. Cuireadh an feachtas Daonra na Scéime ar bun arís ar Instagram (feachtas bunaithe ar Humans of New York agus Humans of An Fáinne). De ghnáth roinneann mic léinn grianghraf agus próifíl dóibh féin agus is léiriú é ar na daoine éagsúla a bhíonn ar an Scéim. I mbliana, iarradh ar mhic léinn fiseán gearr a taifeadh agus próifíl scríofa a chur ar fáil ionas go mbeadh na postálacha níos idirghníomhaí agus inrochtana. Seomra na Gaeilge Cúis áthais ba ea oscailt Sheomra na Gaeilge ar an 13 Deireadh Fómhair. Tá an Seomra leagtha amach de réir rialacha na hollscoile agus ceadaithear do mhic léinn le vacsaín nó gan vacsaín é a úsáid i rith an lae cosúil leis na spásanna mac léinn eile ar an gcampas. Níl sé ceadaithe go fóill soláistí tae/caife a chur ar fáil. Caitear cead a lorg tríd an Oifig Fiosrúcháin agus Oifig an Déin Shóisearaigh chun an Seomra a úsáid le haghaidh ócáid ar bith agus tógann sé go leor ama é sin a fháil. Tá níos mó riaracháin i gceist le himeacht a eagrú agus caitear plean bainistíochta imeachtaí agus measúnú riosca a ullmhú. Tá sé ceadaithe bia/deoch a chur ar fáil ach baineann rialacha ar leith leis sin. Tá córas monatóireachta i bhfeidhm le mic léinn Scéim an Champais don Seomra. Bíonn siad freagrach as é a oscailt agus a dhúnadh gach lá, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na srianta agus é a choimeád glan. Ranganna Gaeilge Iarradh ar thrí chuideachta meastachán a chur ar fáil chun na ranganna a sholáthar i mbliana. Ní bhfuarthas ach iarratas amháin, ó Ghaelchultúr, bunaithe ar an bpraghas céanna a ofráladh anuraidh. Buíochas le Nicole Seabrook a chuidigh leis an bpróiseas seo.	provide details of students who attended the Open Day and that this may assist with advertising for next year's Residency Scheme. The various responsibilities of students on the Residency Scheme were listed. The capacity of Seomra na Gaeilge was limited to eighteen at the beginning of the term which meant it was not suitable for Residency Scheme events and students had to search for other venues on campus or in the city. A presentation night was held on 29th November where students presented on their activities during the term in a lecture theatre in the Arts Building. This location was chosen to allow all students to attend. Students were invited to attend Seomra na Gaeilge for refreshments after the event and this required a vaccine pass according to university rules. Projects carried out during term included a radio programme on TFM, a music session with Tradsoc, bingo, quiz, soccer games and videos for TikTok. The Humans of the Scheme campaign ran on Instagram once again (based on Humans of New York and Humans of An Fáinne). Each student normally shares a photo and profile of themselves, and the campaign helps to showcase the different people on the Scheme. This year students were asked to produce a short, recorded video and written profile to make the posts more interactive and accessible. Seomra na Gaeilge It was wonderful to open Seomra na Gaeilge on 13th October. The room is laid out in accordance with university rules and students with or without a vaccine are permitted to use it during the day in line with the other student spaces on campus. It is not yet permitted to provide tea/coffee refreshments. Permission must be sought from the Enquiries Office and the Junior Dean's Office to use the room for events, and it takes a lot of time to obtain this. There is more administration involved in organising an event and an event management plan and risk assessment must be provided. The provision of food/drink is allowed but specific rules apply. A monitoring system for the room is in place with students of the Scheme. They are responsible for opening and closing the room daily, monitoring compliance with restrictions and keeping it clean. Irish Language Classes Three companies were asked to provide quotations to provide the classes this year. Only one application was received, from Gaelchultúr, and this was based on the same price offered last year. Thanks to Nicole Seabrook who assisted with this process.
--	---

Cuireadh seisiún eolais ar siúl ar líne ag tús an téarma ag a raibh Bainisteoir Oideachais Gaelchultúr i láthair. D'fhreastail thart ar 50 duine ar an seisiún. Cuireadh an cur chuige ar baineadh triail as anuraidh don phróiseas clárúcháin i bhfeidhm arís – osclaíodh an clárúchán ar líne cúpla lá tar éis ríomhphost a sheoladh go dtí an pobal ollscoile ag fógairt na ranganna. Thug sé seo deis do dhaoine an t-eolas ar fad sa ríomhphost a léamh, an triail ar líne a dhéanamh (chun an leibhéal ceart a mheas) agus freastal ar an seisiún eolais.

Cuireadh ocht rang ar fáil thar cheithre leibhéal (3x rang A1/ 2x rang A2/ 2x rang B1/ 1x rang B2) ar feadh 6 seachtaine. Lónadh na ranganna go léir agus bhí liostaí feithimh i bhfeidhm. Scaipeadh suirbhé aiseolais ar na foghlaimeoirí ag deireadh na gcúrsaí agus táthar ag fanacht ar na torthaí dó sin.

Chuir ball amháin den choiste in iúl go bhfuil na ranganna Gaeilge á ndéanamh acu an téarma seo agus go bhfuil ag éirí go han-mhaith leo, agus go m'fhéarr leo féin go bhfanfaidís ar líne chomh maith.

Trinity Today

Cuireadh dhá leathanach i nGaeilge ar fáil d'irisleabhar na hOifige Alumni, [Trinity Today](#). Tugadh cuireadh do roinnt daoine a fhreastalaíonn ar an gciorcail comhrá ráiteas gearr a chur ar fáil maidir le tábhacht an imeachta dóibh le bliain anuas agus tugadh cuireadh freisin do mhac léinn a bhí ar an Scéim Cónaithe anuraidh alt gearr a scríobh.

Oíche Chultúir

Reáchtáladh trí thuras Gaeilge ar an gcampas ar an Aoine 17 Meán Fómhair. Threoraigh an tOifigeach Gaeilge na turais mar nach raibh na mic léinn ach tar éis filleadh ar an ollscoil na tseachtain sin. Bhí go leor riaracháin i gceist mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm agus réitíodh plean bainistíochta imeachtaí, measúnú riosca, rianú teagmhála, srl. D'fhreastail thart ar 30 duine ar na turais.

Ciorcail comhrá

Bíonn an ciorcail comhrá ar siúl ar líne gach seachtain. Bhí an-spéis ag daoine teacht le chéile nuair a osclaíodh an campus don phobal agus tosaíodh ar phlean a chur le chéile le haghaidh seo ach beartaíodh gan dul ar aghaidh leis nuair a tháinig ardú mór ar líon na gcásanna den víreas sa tír.

Lá Oscailte

Bhí an tOifigeach Gaeilge agus beirt mhac léinn ón Scéim Cónaithe ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt beo ar líne ar an Satharn 6 Samhain. Bhí beagáinín níos mó idirghníomhaíochta ar líne i mbliana ná mar a bhí anuraidh. Bhíothas in ann na hacmhainní a cruthaíodh anuraidh a chur ar fáil do shuíomh gréasáin an Lae Oscailte arís. Ina measc seo bhí cur i láthair taifeadta ar shaol na Gaeilge san ollscoil

An online information session was held at the beginning of the term which was attended by Gaelchultúr's Education Manager. Approximately 50 people attended the session. The approach trialed last year for the registration process was employed again — online registration was opened a number of days after emailing the university community announcing the classes. This gave people an opportunity to read all the information in the email, take the online test (to assess the correct level) and attend the information session.

Eight classes were provided across four levels (3x classes at A1 level/ 2x classes at A2 level/ 2x classes at B1 level/ 1x class at B2 level) for 6 weeks. All classes were filled and waiting lists were in place. A feedback survey was circulated to learners at the end of the courses and the Irish Language Officer is currently awaiting the results of this.

One member of the committee indicated that they have been taking Irish classes this term and that they are enjoying them, and that they would also prefer for them to remain online.

Trinity Today

Two pages in Irish were written for the Alumni Office's magazine [Trinity Today](#). A number of those who attend the conversation circle were invited to provide a short quotation on the importance of the event for them over the past year and a student who was on the Residency Scheme last year was also invited to write a short article.

Culture Night

Three Irish language campus tours were organised for Friday 17th September. The Irish Language Officer guided the tours as students had only returned to campus the same week. More administration than usual was required due to the restrictions in place and an event management plan, risk assessment, contact tracing, etc. were put in place. Around 30 people attended the tours.

Conversation Circle

The conversation circle takes place online every week. Attendees were very interested in meeting in person when the campus opened to the public and a plan started to be developed for this but it was decided not to proceed due to the sharp rise in case numbers in the country.

Open Day

The Irish Language Officer and two students from the Residency Scheme were available to answer questions live online on Saturday 6th November. There was slightly more interaction online this year compared with last year. The resources created last year were made available again for the Open Day website. These included a recorded presentation on Irish language life in the university and an Irish version of

agus leagan Gaeilge den turas fíorúil den champas. Chuidigh mac léinn a bhí ar an Scéim anuraidh leis an Oifig Cumarsáide chun ábhar dátheangach a roinnt ar na meáin shóisialta ar an lá. Tuairisc Airgeadais Cuireadh cuntas airgeadais don bhliain airgeadais 2020-21 ar fáil, ó Dheireadh Fómhair 2020 go Meán Fómhair 2021 (12 mí). Caitheadh €104,116.00 idir ábhair phá agus neamh-phá don bhliain agus bhí farasbarr €2,384.00 i gceist ó buiséad iomlán de €106,500.00. Tá sé curtha in iúl don Rannóg Seirbhísi Airgeadais go bhfuil suas le €6,000 nár caitheadh ar thionscadail áirithe de bharr shrianta na paindéime agus tá sé curtha in iúl acu go gcuirfear é sin ar fáil do bhuiséad na bliana seo.	the virtual campus tour. A student from last year's Residency Scheme assisted the Communications Office in sharing bilingual material on social media for the day. Financial Report A financial account for the 2020-21 financial year was provided, from October 2020 to September 2021 (12 months). Expenditure stood at €104,116.00 between pay and non-pay items, and there was a surplus of €2,384.00 from a total budget of €106,500.00. FSD has been informed that up to approximately €6,000 was not spent on certain projects due to pandemic restrictions and it confirmed that this would be added to this year's budget.
6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh Rinne an Reachtair cur síos ar obair an Chumainn i dTéarma na Féile Michíl: • Chruthaigh na srianta a bhí bhfeidhm ag tús an téarma agus na teorainneacha le húsáid Seomra na Gaeilge go leor deacrachtaí ó thaobh teacht ar ionaid oiriúnacha le haghaidh imeachtaí. • Bhí 578 ball cláraithe faoi dheireadh mhí na Samhna. Athraíodh an táille ballraíochta ar ais go €2 (ó €1.50) agus an Cumann ag filleadh ar imeachtaí aghaidh ar aghaidh. • Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Urghnách an Chumainn i mí Dheireadh Fómhair. Ócáid hibrídeach a bhí i gceist agus caitheadh teacht ar láthair lasmuigh den ollscoil de bharr an chórait a bhí ag teastáil. Bhí folúntais ann do ról an Oifigigh Dhíospóireachta agus an Oifigigh Theicneolaíochta agus líonadh iad sin. Ina theannta sin, toghadh fochoiste an Chumainn. • Reáchtáladh imeachtaí aghaidh ar aghaidh, ar líne agus go hibrídeach i rith an téarma chun freastal ar dhaoine éagsúla. Eagraíodh go leor imeachtaí i gcomhar le cumainn agus le hollscoileanna eile, An Coláiste Ollscoile BÁC agus Má Nuad ina measc. Sampla de na himeachtaí a cuireadh ar siúl i rith an téarma ná: - Seastán agus imeachtaí do dhá Sheachtain na bhFreisear; - Seoladh na Bliana i Piper's Corner; - Féile bhliantúil an Chumainn ar a dtugtar Samhain; - Lá na Gaeilge; - Plé Painéil ar Mhná sna Meáin le hÁine Ní Bhreisleáin (RnaG, TG4) agus Niamh Ní Chróinín (Raidió RíRá, Spin 1038);	6. An Cumann Gaelach Report The Auditor reported on the society's work in Michaelmas term: • The restrictions that applied at the beginning of the term and the limits to using Seomra na Gaeilge created many difficulties in finding suitable venues for events. • 578 members were registered by the end of November. The membership fee reverted to €2 (from €1.50) as the society returns to face-to-face events. • The society's EGM took place in October. This was a hybrid event and a venue outside of the university had to be found due to the quorum that was required. There were vacancies for the Debating Officer and Technology Officer roles and these were filled. In addition, the society's subcommittee was elected. • Face-to-face, online and hybrid events were held during the term to cater for different people. Many events were organised in collaboration with other societies and universities including UCD and Maynooth. An example of the events that took place during the term were as follows: - Stand and events for the two Freshers' Weeks; - Year launch in Piper's Corner; - The society's annual festival Samhain; - Irish language day; - Panel discussion on Women in Media with Áine Ní Bhreisleáin (RnaG, TG4) and Niamh Ní Chróinín (Raidió RíRá, Spin 1038); - The Maidens debating competition — four preliminary rounds and the final. • The society is participating in Trinity Ability Co-op's campaign which aims to ensure societies are better able to cater more for students with disabilities. As

- Comórtas díospóireachta Maidens na Gaeilge – ceithre réamhbhabhta agus an craobh. • Táthar ag glacadh páirte i bhfeachtas an Trinity Ability Co-op a bhfuil sé mar aidhm leis go mbeadh cumainn in ann freastal níos mo ar mhic léinn faoi mhíchumas. Chuige sin, tá an Leasoifigeach Caidrimh Phoiblí freagrach anois as cúrsaí rochtana freisin. Tá obair déanta chun a chinntiú go bhfuil an ríomhphost seachtainiúil agus an t-ábhar a chuirtear ar na meáin shóisialta inrochtana e.g. taifid fuaime a chur ar fáil de na ríomhphoist agus de phróifílí bhaill an Chumainn ar líne, téacs malartach a chur le híomhánna agus grafaicí, srl. • Leanfar ag díriú ar an bhfeachtas Seomra na Gaeilge a dhéanamh inrochtana do chách. • Táthar an-ghníomhach ar na meáin shóisialta agus roinntear físeán TikTok amháin ar a laghad gach seachtain. • Foilsíodh an chéad eagrán den bhliain den iris Tuathal ag tús an téarma.	part of this, the Deputy PRO is now also responsible for access matters. Work has been completed to ensure that weekly emails and social media content are accessible e.g. providing audio recordings of the emails and of member profiles online, the use of alternative text for images and graphics, etc. • Work will continue on the campaign to make Seomra na Gaeilge accessible to all. • The society is very active on social media and at least one TikTok video is shared every week. • The first edition of the year of the magazine Tuathal was published at the beginning of term.
7. Tuairisc Aontas na Mac Léinn Thug Oifigeach Gaeilge nua Aontas na Mac Léinn (AML) cuntas ar an obair a bhí ar bun i dTéarma na Féile Michíl. • Táthar ag glacadh páirte i scéim nua de chuid Chonradh na Gaeilge atá tagtha in áit an Bhoinn Óir ar a dtugtar Gníomhaí Gaeilge. Is córas meantóireachta é agus tá meantóir curtha ar fáil ag an gConradh chun an tAontas a stiúradh. • Sampla den obair atá idir lámha agus de na spriocanna atá leagtha amach leis an meantóir don bhliain ná: - Ríomhphost seachtainiúil an Aontais a bheith dátheangach; - Teideal na nOifigeach a bheith in úsáid i nGaeilge e.g. i sintí ríomhphoist agus ar chártaí gnó; - Níos mó Gaeilge a bheith á labhairt ag baill foirne an Aontais ar bhonn rialta; - Clár dátheangach a bheith ar fáil ag cruinnithe an Choiste Ghnó agus Chomhairle na Mac Léinn; - Ainm an Aontais a bheith i nGaeilge; - Gaeilge a chur ar stáiseanóireacht an Aontais; - Fáinne a bhronnadh ar mhic léinn; - AML a chlárú mar chraobh de Chonradh na Gaeilge; - Leanúint le Coiste Gaeilge an Aontais a cuireadh ar bun anuraidh; - An chomharthaíocht in oifigí an Aontais a uasdátú go comharthaí dátheangacha. • Déanann an tOifigeach aistriúchán ar ríomhphoist sheachtainiúla an Aontais agus freastalaíonn sí ar chruinnithe an Chumainn Ghaelaigh nuair is féidir.	7. Students' Union Report The SU Irish Language Officer gave an account of the work carried out in Michaelmas term. • The Officer is participating in a new scheme by Conradh na Gaeilge on behalf of the Union. It is a mentoring system called <i>Gníomhaí Gaeilge</i> which replaces the previous Gold Medal scheme. A mentor has been nominated to guide the Union. • An example of work in progress as well as goals set out with the mentor for the year are: - The Union's weekly email to be bilingual; - Officers' titles to be used in Irish e.g. in email signatures and on business cards; - More Irish to be spoken by Union staff on a regular basis; - A bilingual programme to be made available at meetings of the Executive Committee and Council; - The Union's name to be in Irish; - The Union's stationery to be in Irish; - Present a "fainne" to students; - Register the Union as a branch of Conradh na Gaeilge; - Continuation of the Union's Irish Language Committee which was established last year; - Update the signage in Union's offices to bilingual signage. • The Officer translates the Union's weekly emails and attends meetings of An Cumann Gaelach where possible. • A resolution put before Council has been accepted where the Union's offices will be referred to as

• Glacadh le rún a cuireadh os comhair Chomhairle AML go dtabharfaí “Teach 6” nó “Mandela House” ar na hoifigí seachas an leagan Béarla “House 6”. • Tá naonúr ball ar an gCoiste Gaeilge i bliana lena n-áirítear Uachtarán agus Oifigeach Cumarsáide an Aontais. Bhí cruinniú acu le déanaí chun plé a dhéanamh ar an scéim Gníomhaí Gaeilge, an Ghaeilge san ollscoil agus Seachtain na hÉigse. Beidh an grúpa ag teacht le chéile arís i mí Eanáir. • Beidh fochoiste na hÉigse ag bualadh le chéile go luath chun clár imeachtaí a leagan amach don fhéile i mí Feabhra agus tá sé i gceist cuireadh a thabhairt don Phropast chuig ceann de na himeachtaí.	“Teach 6” or “Mandela House” instead of the English equivalent “House 6”. • There are nine members on the Irish Language Committee this year including the Union’s President and Communications Officer. A meeting was held recently to discuss the <i>Gníomhaí Gaeilge</i> scheme, the Irish language in the university and the Éigse an Tríonóide festival. The group will meet again in January. • The Éigse subcommittee will meet shortly to set out a timetable for the festival in February and it is intended to invite the Provost to one of the events.
8. Seomra na Gaeilge Rinneadh staidéar féidearthachta ar thrí fhoirgneamh de chuid na hollscoile i mí na Samhna; ba iad sin Seomra na Gaeilge, Teach 6 agus Teach an Phropaist. Is iad Seán Harrington Architects a bhí i mbun an staidéir agus táthar ag fanacht ar na torthaí agus meastar go mbeadh dhá nó trí rogha ann ardaitheoir a chur leis an bhfoirgneamh. Áirítear iontu seo a) Ardaitheoir cóngarach do chúldoras an fhoirgnimh, trasna ó na cúirteanna leadóige agus sacair, a d’fhreastalódh ar an Seomra amháin. b) Ardaitheoir aice le doras an Bhutraigh. D’fhreastalódh sé seo ar láithreacha difriúla san fhoirgneamh ar thrí urlár, rud a bheadh níos fearr ó thaobh seirbhíse agus costais de.	8. Seomra na Gaeilge A feasibility study was carried out on three university buildings in November; these were Seomra na Gaeilge, House 6 and the Provost’s House. The study was carried out by Seán Harrington Architects and the results are being waited upon, but it was considered that there would be two/three options to add a lift to the building. These include: a) Elevator near the back entrance to the building across from tennis and soccer courts. This would serve Seomra na Gaeilge only. b) Elevator near the main entrance door to the Buttery. This would serve various parts of the building across three floors which would be more beneficial and cost-effective.
9. Aon ghnó eile Ní raibh aon ghnó eile.	9. Any other business There was no other business.